

# Iarratas ar Fhoirm Iarratais Leasúcháin

## Cuid 1: Do chuid sonraí

*Soláthraigh na sonraí pearsanta go léir a úsáideann tú nuair a d'iarr tú ar chomhaontú creidmheasa nó a rinne tú. Tabhair faoi deara nach n-úsáidfead do PPSN ach chun do chuid faisnéise a aimsiú ar an gClár Creidmheasa Lárnach. Ní roinntear an fhaisnéis seo. Tá na réimsí atá marcáilte le \* éigeantach, bain úsáid as BLOCLITREACHA.*

Ainm *	Nóiméad Breise	Sloinne *
<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>
Sloinne roimhe seo	Dáta Breithe *	Inscne *
<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>
PSSP *	Uimhir Aitheantais Cánach	
<input type="text"/>	<input type="text"/>	
Uimhir Theileafóin	Uimhir Theileafóin	Uimhir Theileafóin
<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>

Seoladh Sonraí:  
Ainmnigh aon seoltaí a thug tú d'iasachtóir duit nuair a d'iarr tú ar chomhaontú creidmheasa nó a rinne tú.

Seoladh líne 1 \*

Seoladh líne 2 \*

Cathair *	Contae *
<input type="text"/>	<input type="text"/>
Cód Poist	Eircode
<input type="text"/>	<input type="text"/>
Tír *	
<input type="text"/>	

Seoladh Bhreise

Seoladh Bhreise

Seoladh Bhreise

---

**Cuid 2: Cineál iarrtais agus modh roghnaithe freagartha**

D. Iarratas An Leasú

Cineál táirge \*

Ainm an Tairisceana \*

Dáta Tosaigh Conartha \*

Nótaí \*

Cuirfear freagra chuig:

*Tabhair faoi deara le do thoil gurb é an modh freagartha is tapúla tríd an ríomhphost má roghnaíonn tú an post, lig roinnt laethanta breise le seachadadh.*

Seol freagra trí ríomhphost:

Seoladh ríomhphoist

Freagra neamhspleách tríd an bpost:

Seoladh poist

### Cuid 3: Dearbhú

#### An Príomh-Chlár Creidmheasa - Beartas Príobháideachais maidir le Cosaint Sonraí

Sa bheartas príobháideachais seo, tugtar faisnéis maidir leis na bealaí ina bpróiseálann an Príomh-Chlár Creidmheasa agus Banc Ceannais na hÉireann sonraí pearsanta a thugann iasachtóirí dó i dtaca le hiarratais ar iasachtaí agus le comhaontuithe iasachta de €500 nó níos mó.

Chun críocha na reachtaíochta um chosaint sonraí, is é Banc Ceannais na hÉireann, Sráid Wapping Nua, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, an rialaitheoir sonraí do shonraí pearsanta a chuirtear ar fáil don Phríomh-Chlár Creidmheasa. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach um Chosaint Sonraí sa Bhanc Ceannais ar dataprotection@centralbank.ie nó is féidir leat Fógra Príobháideachais an Bhainc Ceannais maidir le Cosaint Sonraí a léamh. Ina theannta sin, tá an ceart ag pearsana aonair gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí tráth ar bith.

An fhaisnéis go léir a bhíonn á coinneáil ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa, stóráiltear laistigh den Aontas Eorpach í. Má dhéanann iasachtaí atá lasmuigh den Aontas Eorpach iarratas ar thuarascáil chreidmheasa, freagróimid mar a threoróidh an t-iasachtaí.

Bhunaigh an Banc Ceannais an Príomh-Chlár Creidmheasa faoin Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013 (an tAcht). Is ionann an Príomh-Chlár Creidmheasa agus bunachar sonraí éigeantach d'fhaisnéis chreidmheasa. Rinne an Banc Ceannais conradh le CRIF Ireland Ltd., Adelphi Plaza, Sráid Sheoirse Uachtarach, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath (fochuideachta CRIF S.p.A ar lánúinéireacht) chun an Príomh-Chlár Creidmheasa a oibriú. Is é CRIF próiseálaí sonraí an Bhainc Ceannais.

#### Faisnéis phearsanta a bhailiú agus a úsáid

Faoin Acht, tá oibleagáid ar iasachtóirí faisnéis chreidmheasa agus phearsanta maidir le hiasachtaithe aonair a thíolacadh don Phríomh-Chlár Creidmheasa (féach 'A bhfuil ar áireamh'). Folaíonn faisnéis phearsanta an méid seo a leanas:

- (a) ainm
- (b) dáta breithe
- (c) inscne
- (d) seoladh reatha agus seoltaí roimhe seo
- (e) uimhir ghutháin
- (f) uimhir phearsanta seirbhíse poiblí (PPSN)

Tá an fhaisnéis seo ag teastáil chun go bhféadfar iasachtaithe a shainaithint i gceart agus a gcuid iasachtaí a mheitseáil leo, lena n-áirítear iasachtaí a bheidh acu le hiasachtóirí éagsúla. Déantar an t-eolas seo a stóráil go sábháilte ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa agus ní dhéanfar é a scaoileadh ach amháin i gcás ina n-iarrfaidh iasachtóir nó iasachtaí lena mbaineann rochtain ar an eolas sin; nó i gcás ina dtoileoidh an t-iasachtaí lena mbaineann go scaoilfead an t-eolas seo le duine eile; nó mar a fhoráiltear faoin Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013, faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 nó mar a cheanglaítear nó a cheadaítear de réir dlí nó de réir aon reachtaíochta eile lena mbaineann. Féadfaidh an Banc Ceannais faisnéis a aistriú chuig gníomhaireachtaí stáit agus údarás forfheidhmithe dlí nuair a mheastar go bhfuil sé riachtanach agus comhréireach é a déanamh.

Coinnítear sonraí pearsanta maidir le comhaontú creidmheasa ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa go ceann tréimhse cuig bliana. Tosóidh an tréimhse 5 bliana seo ó dháta na haisíocaíochta deiridh ar an iasacht lena mbaineann. Tá sé tábhachtach go gcoinneoidh an Banc Ceannais an fhaisnéis chun go mbeidh sé ábalta próifíl chreidmheasa chruinn a chur ar fáil maidir le hiasachtaí. Tá an fhaisnéis seo le fáil i do thuarascáil chreidmheasa.

Chomh maith leis sin, tá faisnéis i dtuarascáil chreidmheasa maidir le haon iarratais ar chreidmheas arna ndéanamh ag iasachtaí, amhail cineál na hiasachta agus an méid atá á iarraidh. Coinneofar faisnéis maidir le hiarratais ar chreidmheas go ceann tréimhse sé mhí.

Beidh lorg i dtuarascáil chreidmheasa freisin. Is ionann lorg agus taifead de na dátaí go léir ar ar iarradh tuarascáil chreidmheasa, de chineál agus de chuspóir an fhiosraithe, agus de na dreamanna a d'iarr an tuarascáil.

Féadfaidh an Banc Ceannais úsáid a bhaint as aon fhaisnéis a bheidh á coinneáil ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa chun aon fheidhm dá chuid a chomhlíonadh.

Maidir leis an bhfaisnéis atá á coinneáil ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa, cuireann sí le cobhsaíocht airgeadais agus le cosaint tomhaltóirí trí léargas níos fearr a thabhairt don Bhanc Ceannais ar ghníomhaíocht margáí airgeadais agus trí thacú le ról an Bhainc Ceannais maoirseacht a dhéanamh ar an earnáil airgeadais.

Aon fhaisnéis phearsanta a aistrefar ón bPríomh-Chlár Creidmheasa chuig an mBanc Ceannais, is faoi ainm bréige amháin a chuirfear an fhaisnéis sin ar fáil.

### Do chearta

Faoin Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013, tá na cearta seo a leanas ag iasachtaithe i ndáil le faisnéis atá á coinneáil ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa:

- ceart chun ráiteas míniúcháin a chur isteach i do thuarascáil chreidmheasa;
- ceart chun iarratas a dhéanamh chun faisnéis mhíchruinn, neamhiomlán nó faisnéis nach bhfuil cothrom le dáta a cheartú;
- ceart chun pearsanú amhrasta a thuairisciú;
- ceart chun cóip de do thuarascáil chreidmheasa a iarraidh.

Tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis na cearta seo. Chun do thuarascáil chreidmheasa a iarraidh nó chun tuarascáil chreidmheasa a iarraidh thar ceann duine éigin eile, ní mór duit doiciméid aitheantais a chur ar fáil.

Faoin reachtaíocht um chosaint sonraí, tá an ceart ag iasachtaithe rochtain a fháil ar shonraí pearsanta fúthu a bheidh á gcoinneáil ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa agus chun iarratas a dhéanamh chun faisnéis mhíchruinn, neamhiomlán nó faisnéis nach bhfuil cothrom le dáta a cheartú. Tá an ceart ag iasachtaithe freisin a iarraidh go ndéanfar rochtain ar a gcuid sonraí pearsanta a shrianadh fad a bheidh breithniú á dhéanamh ag an bPríomh-Chlár Creidmheasa ar leasú a bheidh iarrtha ag an iasachtaí sin.

### Ceisteanna agus gearáin

Má bhíonn aon cheisteanna agat maidir leis an bPríomh-Chlár Creidmheasa, is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ar [myrequest@centralcreditregister.ie](mailto:myrequest@centralcreditregister.ie) nó ar an bhfón ag 01 2245500

Síniú: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

### Cuid 4: Conas an fhoirm iarratais a thabhairt ar ais

**Cinntigh le do thoil gur shínigh tú an Dearbhú i gCuid 3. Gan seo, ní bheidh muid in ann an t-iarratas a phróiseáil.**

Nuair a bheidh tú ag filladh ar an bhfoirm cuir isteach do chruthúnas ar dhoiciméid ID le haghaidh tosaigh agus sloinne, Seoladh, Dáta Breithe, agus PPSN.

Chun an fhoirm seo agus do dhoiciméadú aitheantais a sheoladh ar ais, seol ríomhphost chuig [myrequest@centralcreditregister.ie](mailto:myrequest@centralcreditregister.ie) nó seol tríd an bpost, fill ar an seoladh thíos:  
Central Credit Register, Adelphi Plaza, George's Street Upper, Dún Laoghaire, Co. Dublin

**Doiciméid Aitheantais Iarratas ó Dhuine Aonair** (Tomhaltóir, trádálaí aonair nó aon duine nádúrtha eile ar féidir leis no léi UPSP a chur ar fáil) **Cé na doiciméid aitheantais a bheidh ag teastáil uait?** Beidh cruthúnas ag teastáil uainn ar an méid seo a leanas

- 1.Do chéannacht
- 2.Do sheoladh
- 3.D'uimhir PSP

- Tá gá le doiciméid aitheantais chun d'iarratas a dheimhniú.

- Úsáidimid an fhaisnéis seo (d'ainm, do sheoladh agus d'uimhir PSP) chun a chinntiú gombeimid in ann tú a aithint i gceart ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa, agus chun cuidiúleat do chearta a fheidhmiú faoin Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013.
- Foráiltear do phróiseáil na faisnéise seo san Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013, arnaleasú, agus sna Rialacháin ghaolmhara.

Le haghaidh iarratas ar líne: -

Uaslódail cóip inléite de dhoiciméad AMHÁIN as GACH ceann de na pointí thíos.

Le haghaidh iarratas poist:-

Seol cóip inléite de dhoiciméad AMHÁIN as GACH ceann de na pointí thíos.

Ná seol doiciméid bhunaidh.

### **1.Do chéannacht**

Is gá duit cóip d'aon cheann AMHÁIN de na doiciméid seo a leanas a chur ar fáil (níor cheartgo mbeadh an doiciméad sin breis agus 6 mhí níos sine ná a dháta éagtha):

- leathanach aitheantais agus sínithe do phas; nó
- an taobh aitheantais (grianghraf agus síniú) de do cheadúnas tiomána AE.

Má tá cóip de cheadúnas tiomána páipéir á cur ar fáil agat, déan cinnte go gcuireann tú na 3 leathanach ar fáil.

### **2.Do sheoladh**

Is gá duit cóip d'aon cheann AMHÁIN de na doiciméid seo a leanas a chur ar fáil (níor cheartgo mbeadh an doiciméad sin breis agus 6 mhí níos sine ná dáta d'iarratais):

- bille fóntais nó bille líne thalún teileafóin;

- ráiteas ó bhanc, ó chumann foirgníochta nó ó chomhar creidmheasa;
- litir a bheidh dírithe ort ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí nó ó na Coimisinéirí Ioncaim;
- litir a bheidh dírithe ort ó aon chomhlacht reachtúil eile nó ó aon ghníomhaireacht Stáiteile; nó
- litir a bheidh dírithe ort ó chuideachta árachais maidir le polasaí árachais reatha.

### **3.Uimhir PSP**

Is gá duit cóip d'aon cheann AMHÁIN de na doiciméid seo a leanas a chur ar fáil chund' uimhir PSP a chruthú:

- litir a bheidh dírithe ort ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí nó ó na Coimisinéirí Ioncaim ina dtaispeántar d' uimhir PSP;
- P21, Measúnú Cánach nó Fógra maidir le Creidmheasanna Cánach;
- admháil ar íocaíocht leasa shóisialaigh;
- cárta liachta nó cárta scéim íocaíochta drugaí (DPS); nó
- duillín pá, P60 nó P45.

### **Ní féidir linn glacadh le Cárta Seirbhísí Poiblí mar chruthúnas ar uimhir PSP nó ar chéannacht.**

Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcoinneoidimid an fhaisnéis phearsanta a chuireann tú ar fáil mar chruthúnas ar chéannacht go ceann tréimhse cúig bliana. Déanfar í a scriosadh ina dhiaidh sin.

Samhain 2021